FÓGRA NUACHTÁIN

Ba cheart go mbeidh an t-eolas seo a leanas luaite sa bhfógra nuachtáin, tar éis an ceann teideal COMHAIRLE BAILE BHRÉ :-

- *Ainm an Iarrthóra;*

- *Cur in iúl más Cead Pleanála, Cead Pleanála Imlíneach, Cead bunaithe ar chead imlíneach (ag cur in iúl uimhir thagartha chláraithe an chead phleanála), nó 'Forbairt gan Cead' a Choimeád atá i gceist san iarratas;*

- *Suíomh, baile fearainn, nó seoladh poist na tailte nó an talaimh nó struchtúir lena mbaineann an t-iarratas;*

- *Cineál agus réim na forbartha atá molta. Beidh sé seo comair ach cruinn agus cuimsitheach. Sa chás go mbaineann an t-iarratas le síneadh atá ar an méid chéanna nó atá níos mó ná an áitreabh atá ann anois, beidh méid an áitribh atá ann anois agus méid an sínidh atá molta luaite sa bhfógra nuachtáin. Má bhaineann an t-iarratas le forbairt a bhaineann le soláthar áitribh, is gá líon na n-áitreabh a luadh. Maidir le foirgneamh a choimeád, is gá an úsáid atá molta agus, más cuí, tréimhse coimeádtha an struchtúir a luadh. Sa chás go moltar oibreacha a dhéanamh a chuirfeadh isteach ar struchtúr cosanta is gá é seo a chur in iúl.*

- *Gur féidir an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ag Comhairle Baile Bhré, Oifigí Cathartha, An Príomh Shráid, Bré agus gur féidir aighneacht nó tuairim faoin iarratas a chur isteach i scríbhinn ach €20 a íoc laistigh de chúig seachtaine ón dáta a bhfuair an tÚdarás Pleanála an t-iarratas.*

Is gá iarratais a fháil laistigh de dhá seachtain ó dháta foilsithe an fhógra.

Is gá bun leathanach iomlán an nuachtáin ina raibh an Fógra Nuachtáin a chuir isteach le gach iarratas.